Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Márta 2024
(OR. en)

7608/24

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0113(COD)**

CODEC 765
EF 98
ECOFIN 300

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2014/59/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 a mhéid a bhaineann le gnéithe áirithe den íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 18 Aibreán 2023, chuir an Coimisiún an togra[1] uaidh, atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Banc Ceannais na hEorpa a thuairim[2] uaidh an 5 Iúil 2023.

3. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim[3] uaidh an 13 Iúil 2023.

4. An 27 Feabhra 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh[4] ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh sé inghlactha ag an gComhairle.

[1] 8484/23
[2] IO C 307, 31.8.2023, lch. 19.
[3] IO C 349, 29.9.2023, lch. 161.
[4] 7015/24

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, mar a leagtar amach in PE-CONS 94/23 mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

6. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.